Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8148/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0075(NLE)**

**POLCOM 133**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar tháirgí íocshláinte nó drugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar tháirgí íocshláinte nó drugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2017/37 ón gComhairle[1], déantar foráil maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile[2] ('an Comhaontú'). Síníodh an Comhaontú an 30 Deireadh Fómhair 2016.

(2) Le Cinneadh (AE) 2017/38 ón gComhairle[3], déantar foráil maidir le codanna den Chomhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach, lena n-áirítear bunú Chomhchoiste CETA. Tá codanna den Chomhaontú á gcur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 21 Meán Fómhair 2017 ann.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 26.1(5)(c) den Chomhaontú, féadfaidh Comhchoiste CETA leasuithe ar an gComhaontú a mheas nó a chomhaontú.

(4) Foráiltear le hAirteagal 30.2 den Chomhaontú go bhféadfaidh Comhchoiste CETA a chinneadh na prótacail agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú. De bhun Airteagal 26.3(3) den Chomhaontú, is de chomhthoil na bPáirtithe atáthar leis an gcinneadh sin a dhéanamh.

---

[1] Cinneadh (AE) 2017/37 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 11, 14.1.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/37/oj).

[2] IO L 11, 14.1.2017, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/37/oj.

[3] Cinneadh (AE) 2017/38 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 11, 14.1.2017, lch. 1080, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/38/oj).

(5) De bhun Airteagal 15(5) den Phrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta, prótacal a ghabhann le CETA (‘an Prótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta’), tá an Grúpa Comhpháirteach Earnála le hathbhreithniú a dhéanamh ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta arna iarraidh sin do na Páirtithe sa Chomhaontú agus forbróidh sé moltaí maidir lena leasú lena mbreithniú ag Comhchoiste CETA.

(6) De bhun Airteagal 15(6), an 15 Nollaig 2022 rinne an Grúpa Earnála Comhpháirteach athbhreithniú ar raon feidhme oibríochtúil an Phrótacail maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta agus mhol sé go ndéanfaí comhábhair ghníomhacha chógaisíochta, a liostaítear faoi láthair i mír 1 d’Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta agus a bhfuil ceanglais agus cláir chomhlíontachta an dá Pháirtí coibhéiseach leo, a áireamh ar liosta na dtáirgí íocshláinte nó na ndrugaí a liostaítear i mír 2 d’Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Prótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta chomh maith.

(7) Tá Comhchoiste CETA le cinneadh a ghlacadh maidir leis na comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh i raon feidhme oibríochtúil na dtáirgí íocshláinte nó na ndrugaí a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta.

(8) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste CETA a bhunú ar bhonn an dréachtchinnidh ó Chomhchoiste CETA atá i gceangal a mhéid a bhaineann le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar tháirgí íocshláinte nó mar dhrugaí a liostaítear i mír 2 d’Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste CETA a mhéid a bhaineann le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar tháirgí íocshláinte nó drugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta a ghabhann leis an gComhaontú, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste CETA atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*